Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Samhain 2025
(OR. en)

14620/25

LIMITE

ENV 1125
WTO 100

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0295(NLE)**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CoP20 CITES)(Samarkand na hÚisbéiceastáine, an 24 Samhain – an 5 Nollaig 2025) |

PUBLIC

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CoP20 CITES) (Samarkand na hÚisbéiceastáine, an 24 Samhain – an 5 Nollaig 2025)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES)[1], coinbhinsiún ar aontaigh an tAontas dó le Cinneadh (AE) 2015/451 ón gComhairle[2], tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1975.

(2) De bhun Airteagal XI(3) de CITES, is féidir le Comhdháil na bPáirtithe, *inter alia*, cinntí a ghlacadh chun na Foscríbhinní a ghabhann le CITES a leasú.

(3) Le linn an 20ú cruinniú a bheidh aici ón 24 Samhain go dtí an 5 Nollaig 2025 (CITES CoP 20), tá Comhdháil na bPáirtithe le cinntí a ghlacadh maidir le 51 thogra chun na Foscríbhinní a ghabhann le CITES a leasú, chomh maith le go leor ábhair eile a bhaineann le cur chun feidhme agus léirmhíniú CITES.

PUBLIC

---

1 An Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (IO L 75, 19.3.2015, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2015/451/oj).

2 Cinneadh (AE) 2015/451 ón gComhairle an 6 Márta 2015 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES) IO L 75, 19.3.2015, lch. 1.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag CITES a bhunú ós rud é go mbeidh na leasuithe ar na Foscríbhinní a ghabhann le CITES ina gceangal ar an Aontas agus go mbeidh roinnt cinntí eile, ar nós modhnuithe ar rúin atá le hionchorprú i ndlí an Aontais, in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 865/2006[3] ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 792/2012[4] ón gCoimisiún.

(5) An seasamh atá beartaithe ag an Aontas a ghlacadh maidir leis na tograí éagsúla atá os comhair CITES CoP 20, tá sé bunaithe ar anailís shaineolach ar fhiúntas na dtograí sin, agus forálacha CITES á gcur san áireamh, de réir na fianaise eolaíche is fearr atá ar fáil, agus ar a chomhsheasmhaí atá na tograí sin le rialacha agus beartais ábhartha an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

[3] Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe a bhaineann le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil (IO L 166, 19.6.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/865/oj).

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 792/2012 ón gCoimisiún an 23 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha maidir le dearadh ceadanna, teastas agus doiciméad eile dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle maidir le speicis fána agus flóra fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 ón gCoimisiún (IO L 242, 7.9.2012, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/792/oj).

*Airteagal 1*

Leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh seo an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES CoP 20).

*Airteagal 2*

I gcás inar dócha go ndéanfar difear don seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 le faisnéis eolaíoch nó theicniúil nua a thíolacfar tar éis ghlacadh an Chinnidh seo agus roimh CoP20 CITES nó lena linn, nó i gcás ina ndéanfar ag an gcruinniú sin moltaí athbhreithnithe nó moltaí nua nach bhfuil seasamh leagtha síos ina leith ag an Aontas fós, déanfar seasamh an Aontais a fhorbairt trí bhíthin comhordú ar an láthair sula n-iarrfar ar CITES CoP 20 cinneadh a dhéanamh maidir leis na tograí sin. Sna cásanna sin, beidh seasamh an Aontais comhsheasmhach leis na prionsabail a leagtar síos sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC